

Seirbhís Chartlainne
Comhaontú TaisceComhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County CouncilArchives Service
Deposit Agreement

Tá an fhoirm seo le fáil i gcló mór chomh maith

This form is also available in large print

An English version of this form is available on request

Déantar an comhaontú dar dáta an ____/____/20____
IDIR Comhairle Chontae na Gaillimhe agus _____

Dá ngairtear an tÚinéir de Pháirt amháin agus Comhairle Contae Chontae na Gaillimhe a bhfuil a hOifig Chláraithe aici ag Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh, dá ngairtear An Chomhairle den Pháirt Eile, de bhrí:-

1. Go bhfuil teideal iomlán ag an Úinéir chuig na hítimí go léir atá liostaithe sa Sceideal a ghabhann leis seo.
2. A mhéid atá an chéanna ar marthain fós, go bhfuil teideal ag an Úinéir ar na cóipchearta go léir atá ann sna doiciméid go léir a chuimsítear sa Sceideal sin, cibé acu is saothair bhunaidh leis an Úinéir iad nó nach ea, agus gur leis an úinéir na cóipchearta sin.
3. Gur mian leis an Úinéir go ndéanfar na hítimí go léir a chuimsítear sna Sceidil sin a choinneáil agus a chothabháil go cuí i gcónaí agus gur iarr an tÚinéir ar an gComhairle glacadh leo.
4. Gur chuir an Chomhairle in iúl don Úinéir go bhfuil sí toilteanach glacadh le sannadh na ndoiciméad go léir a chuimsítear sa Sceideal sin agus an chéanna a choinneáil agus a chothabháil a mhéid is féidir léi.

Anois, déanann an tÚinéir leis an gComhaontú seo, de bhun an Chomhaontaithe sin, agus i gcomaoin an chéanna, úinéireacht iomlán ar na hítimí atá leagtha amach sna Sceidil a ghabhann leis seo, mar aon leis na cearta cóipchirt go léir atá ar marthain nó a d'fhéadfadh teacht chun bheith ar marthain sna doiciméid sin go léir, nó in aon cheann acu, a aistriú leis seo chuig an gComhairle agus é ar intinn leis sin go dtiocfaidh an Chomhairle chun bheith ina húnéir iomlánach ar na hítimí sin agus chun teideal iomlán a bheith aici ar an gcóipcheart, más ann d'aon chóipcheart, sna doiciméid sin go léir.

1. Ina theannta sin, comhaontaítear leis seo idir na páirtithe go bhféadfaidh an Chomhairle, más rud é go gcinnfidh an Chomhairle aon tráth nach díol spéise cartlannaíochta é aon cheann de na doiciméid tar éis di an doiciméad sin a bhreithniú go cúramach trí scrúdú a dhéanamh air, aon doiciméad den sórt sin a dhiúscairt dá rogha féin gan aon chumarsáid eile leis an Úinéir.
2. Comhaontaítear leis seo idir na páirtithe go bhfuil an taisceadh lena mbaineann sé seo faoi réir choinníollacha an chomhaontaithe maidir le taisceadh a bhfuil gach ceann acu i gceangal leis seo.

Dá Fhianú sin, shínigh an tÚinéir a (h')ainm agus chuir an Chomhairle faoi deara a Séala Coiteann a ghreamú ar an lá agus sa bhliain is túsce atá scríofa anseo.

Síniú: (Taisceoir)

Síniú: (Ar son agus thar ceann Chomhairle Chontae na Gaillimhe)

Finné:

Comhaontú maidir le Taisceadh – An Sceideal

Sceideal na bpáipéar agus na n-ábhar príobháideach arna dtaisceadh i gCartlann Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag:
(clógh ainm le do thoil)

A large, solid grey rectangular area that occupies most of the page, likely representing a redacted document or a placeholder for a scanned document.

1. Deonú

- 1.1. Ní mór do dheontóirí a chinntiú go bhfuil an ceart acu doiciméid a bhronnadh nó a thaisceadh.
- 1.2. Déantar úinéireacht ar dhoiciméid a bhronntar ar Chartlann Chomhairle Chontae na Gaillimhe a aistriú ón Deontóir chuig an gCartlann.
- 1.3. Más cuí, déanfaidh an Deontóir na socruithe maidir le sannadh cóipchirt chuig an gCartlann.

2. Taisce

- 2.1. Caithfidh taisceoirí a chinntiú go bhfuil siad i dteideal doiciméid a bhionnadh nó a thaisce.
- 2.2. Fanann úinéireacht leis an taisceoir i gcás dhoiciméidí atá curtha i dtaisce ar iasacht éiginnte.
- 2.3. Cuirfidh an taisceoir an Cartlann ar an eolas maidir le haon athrú d'ainm nó seoladh nó athrú úinéireachta den taisce. Ní bheidh an Cartlann faoi dhliteanas i gcás torthaí a thoirfidh chun cinn de bharr tein é seo a dhéanamh.
- 2.4. Tá an taisceoir faoi dhualgas fógra dhá mhí dhéag a thabhairt roimh an bailiúchán a tharraingt siar, in iomlán nó i bpáirt, chun a chur ar chumas na Cartlainne an bailiúchán a chur ar mhicreascannán.
- 2.5. Féadfaí a bheith ag súil go ndéanfadh taisceoir atá ag iarraidh bailiúchán a tharraigh siar, ranníocaíocht áirithe a dhéanamh i dtreo chostais Sheirbhís Chartlainne Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le caomhnú, deisiú agus obair phróiseola atá déanta ag an Seirbhís Chartlainne.
- 2.6. Ba cheart taisceoir a bheith ar an eolas gur sealúchas den tSeirbhís Chartlainne iad na háiseanna toraíochta don bhailiúchán atá táirgthe ag an tSeirbhís agus is ag an Seirbhís Chartlainne atá an cóipcheart dóibh.
- 2.7. Is lóidir leis an taisceoir ítimí áirithe atá suimiúil ar bhealach ar leith nó atá príobháideach a tharraingt siar nuair a fhaightear liosta na ndoiciméad nó is féidir leis an taisceoir tréimhse dhúnta a leagan ar dhoiciméid de chineál príobháideach.
- 2.8. Caithfear cóipcheart an bhailiúcháin a dheimhniú agus ansin a aistriú go dtí Comhairle Chontae na Gaillimhe le haghaidh tréimhse na hiasachta. Sa chás go lorgaíonn an taisceoir an bailiúchán ar ais is féidir an cóipcheart a shannadh ar ais don Roinn Oideachais nó don Chartlann Náisiúnta, pé eagraíocht a iarran an úinéir.

3. Rochtain

- 3.1. Déantar doiciméid a tháirgeadh ar mhaithe le staidéar i Limistéar Léitheoireachta amháin de réir mar a bheidh sainnithe ag Cartlann Chomhairle Chontae na Gaillimhe.
- 3.2. Ceadaítear rochtain do léitheoirí a bhfuil na Rialacha agus na Treoirínte maidir le láimhseáil taifead léite acu agus a bhfuil Foirm Iarratais ar Ábhar Chartlainne comhlánaithe acu ar foirm í ina n-áirítear gealltanais maidir leis na rialacha sin a chomhlíonadh.
- 3.3. Ní féidir aon rochtain ar bhailiúcháin a sholáthar go dtí go ndéanfar na bailiúcháin a liostú. Féadfaidh an Deontóir nó an Taisceoir, nó duine atá ainmnithe acu, rochtain a fháil ar a gcuid bailiúchán roimh liostú.
- 3.4. Ar mhaithe le slándáil agus le rochtain, marcálfaidh an Cartlannaí i bpeann luaidhe na doiciméid sin ag a bhfuil cód bailiúcháin nó cód ítime.
- 3.5. Beidh rochtain ag úsáideoirí ar bhailiúchán tar éis liosta a ullmhú ina leith, ach sin faoi réir aon srianta a bhaineann le príobháideachas nó caomhnú. Ní féidir na taifid a fhoilsiú ach amháin le comhaontú úinéir an chóipchirt.
- 3.6. Féadfaidh an Deontóir nó an Taisceoir, i gcomhairle leis an gCartlannaí, rochtain ar thaifid áirithe a thoirmeasc ar feadh tréimhse ama.

4. Atáirgeadh agus Cur ar Taispeáint

4.1 Beidh sé de rogha ag an gCartlann cóipeanna de thaifid a sholáthar d'úsáideoirí i gcomhair staidéir phríobháidigh amháin agus i gcomhréir leis an dlí reatha maidir le cóipcheart, mura rud é go bhfuil sé sin toirmiscthe ag an Deontóir nó ag an Taisceoir.

4.2 Beidh sé de rogha ag an gCartlannaí a údarú go ndéanfar taifid a thabhairt chun bealaigh go sealadach ón gCartlann go ceann tréimhse uasta bliana i gcomhair taispeántais nó oibre caomhantais nó ar chúiseanna bailí eile.

4.3 Féadfaidh an Chartlann taifid nó cóipeanna díobh a scaoileadh chuig institiúidí cuí eile ach ní dhéanfar amhlaidh ach amháin i gcás inar deimhin leis an gCartlann go dtabharfar aire chuí dhaingean do na taifid sin agus/nó go bhfuil socrú déanta maidir le hárachas cuí nó slánaíocht chuí in aghaidh chailleanais nó damáiste.

Seol an fhoirm ar ais chuig:
Cartlann Chomhairle Chontae na Gaillimhe,
Leabharlanna Chontae na Gaillimhe,
Teach an Oileáin,
Cearnóg na hArdeaglaise,
Gaillimh

Return to:
Galway County Council Archives
Galway County Libraries
Island House
Cathedral Square
Galway

Tel. (091) 562471
Fax (091) 565039
archivist@galwaycoco.ie
www.gaillimh.ie
www.galway.ie